Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0152/A(COD)**

**5950/1/21**
**REV 1 ADD 1**

**VISA 25**
**FRONT 40**
**MIGR 25**
**IXIM 37**
**SIRIS 13**
**COMIX 70**
**CODEC 154**
**PARLNAT 119**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú<br>– Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– A ghlac an Chomhairle an 27 Bealtaine 2021 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Tar éis meastóireacht chríochnúil a dhéanamh ar VIS, thíolaic an Coimisiún togra reachtach an 16 Bealtaine 2018 chun Rialachán VIS a leasú[1] (dá ngairfear 'an Rialachán lena leasaítear VIS' anseo feasta ).

2. Ag an gcruinniú a bhí aige an 19 Nollaig 2018, ghlac Coiste na mBuanionadaithe sainordú chun dul i mbun caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa[2].

3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 19 Meán Fómhair 2018[3].

4. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a thuairim uaidh an 12 Nollaig 2018[4].

5. Arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, thug Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha tuairim uaithi an 30 Lúnasa 2018[5].

6. An 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a Seasamh ar an gcéad léamh[6].

7. Chuaigh an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa i mbun caibidlíocht neamhfhoirmiúil i mí Dheireadh Fómhair 2019 d'fhonn teacht ar chomhaontú ag céim an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh ('comhaontú luath ar an dara léamh').

8. Le linn na caibidlíochta, tháinig sé chun solais go raibh forálacha áirithe in easnamh sa togra ón gCoimisiún - 'leasuithe iarmhartacha VIS', mar a thugtar orthu. Is iad sin na leasuithe atá le déanamh ar na gníomhartha dlí maidir le córais faisnéise agus bunachair sonraí an Aontais de thoradh an chuardaigh uathoibrithe a rinne VIS ar na córais eile sin. Bhí leasuithe iarmhartacha comhchosúla molta ag an gCoimisiún le haghaidh ETIAS[7].

---

[1] 8853/18.
[2] 15726/18.
[3] CESE 2018/03954, IO C 440, 6.12.2018, lgh 154–157.
[4] Achoimre ar an Tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i ndáil leis an Togra le haghaidh Rialachán nua maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí, IO C 50, 8.2.2019, lgh. 4-8.
[5] Tuairim FRA – 2/2018. https://fra.europa.eu/en/publication/2018/revised-visa-information-system-and-its-fundamental-rights-implications
[6] T8-0174/2019, 7401/19.
[7] Féach COM(2019) 3 final agus COM(2019) 4, final.

9. Mar gheall ar an ngeoiméadracht athraitheach i rannphairtíocht na mBallstát i mbeartais an Aontais i réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais, ní rabhthas in ann a áireamh, ó thaobh an dlí de, ach sraith amháin de leasuithe iarmhartacha maidir le modhnú ionstraimí dlí i réimse *acquis* Schengen a bhaineann le teorainneacha seachtracha sa Rialachán lena leasaítear VIS (arb é ábhar an Ráitis seo ar chúiseanna na Comhairle é), cé gur ghá forálacha eile nach mbaineann leis an *acquis* sin a áireamh in ionstraim dlí ar leith.

10. An 17 Meitheamh 2020, leasaigh Coiste na mBuanionadaithe sainordú na Comhairle, le go n-áireofaí 'leasuithe iarmhartacha VIS' ann[8]. Agus a Seasamh ar an gcéad léamh glactha aici cheana, chuir foireann chaibidlíochta Pharlaimint na hEorpa in iúl go saineodh sí a seasamh maidir leis an tacar nua sin d'fhorálacha le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí.

11. Tar éis sé cinn de chruinnithe tríthaobhacha polaitiúla agus go leor cruinnithe teicniúla, tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 8 Nollaig 2020, agus Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle tagtha ar chomhréiteach maidir leis an téacs in dhá Rialachán:

– Rialachán lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críoch an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú (an Rialachán lena leasaítear VIS, ábhar an Ráitis seo ar chúiseanna na Comhairle), agus

– Rialacháin lena leasaítear Rialacháin (AE) 603/2013, 2016/794, 2018/1862, 2019/816 agus 2019/818 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha a bhunú chun rochtain a fháil ar chórais faisnéise eile de chuid an Aontais Eorpaigh chun críocha VIS.

12. An 22 Eanáir 2021, rinne Coiste na mBuanionadaithe anailís ar an dréacht-téacs comhréitigh deiridh chun go dtiocfaí ar chomhaontú.

---

[8] 8787/20.

13. An 27 Eanáir 2021, dhaingnigh an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (Coiste LIBE) i bParlaimint na hEorpa an comhaontú polaitiúil agus chuir Cathaoirleach LIBE litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 1 Feabhra ina ndaingnítear, dá bhformheasfadh an Chomhairle an dá Rialachán ar an gcéad léamh, tar éis athbhreithniú dlí agus teanga, go bhformheasfadh an Pharlaimint an seasamh ón gComhairle ar an dara léamh.

14. An 3 Feabhra 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú polaitiúil maidir le téacs comhréitigh na Rialachán.

15. Níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin lena leasaítear VIS agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh an gcuirfidh sí an Rialachán seo chun feidhme ina dlí náisiúnta.

16. Níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin lena leasaítear VIS agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm, toisc gur forbairt é ar fhorálacha *acquis* Schengen, nach bhfuil Éire rannpháirteach ann.

17. A mhéid a bhaineann leis an Eilvéis, an Iorua, an Íoslainn agus Lichtinstéin, is forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen é an Rialachán lena leasaítear VIS.

18. A mhéid a bhaineann leis an gCipir, an Bhulgáir, an Chróit agus an Rómáin, is é atá i bhforálacha an Rialacháin lena leasaítear VIS forálacha a chuireann le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí na nIonstraimí Aontachais faoi seach.

## II. CUSPÓIR

19. Is é VIS – a bunaíodh le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle (Cinneadh VIS) agus le Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 – córas faisnéise an Aontais chun an nós imeachta maidir le víosaí gearrfhanachta ('Schengen') a éascú agus chun cabhrú le húdaráis víosaí, teorann, tearmainn agus imirce náisiúnaigh tríú tír a sheiceáil ar gá víosa a bheith acu chun taisteal chuig limistéar Schengen. Le VIS, nasctar consalachtaí na mBallstát ar fud an domhain le chéile, mar aon le gach ceann de na pointí trasnaithe teorann seachtraí atá acu.

20. Is é is aidhm leis an Rialachán lena leasaítear VIS, VIS a fhorbairt a thuilleadh chun freagairt ar bhealach níos fearr do dhúshláin nua maidir le beartais víosaí, teorann agus slándála. Tá sé d'aidhm aige, go háirithe, an nós imeachta um iarratas a dhéanamh ar víosa a éascú; neartú a dhéanamh ar na seiceálacha cúlra a dhéantar sula ndéantar cinneadh maidir le víosa ghearrfhanachta nó víosa fadfhanachta agus cead cónaithe, chomh maith le seiceálacha sainaitheantais ag pointí trasnaithe teorann seachtraí agus laistigh de chríoch na mBallstát; agus slándáil inmheánach limistéar Schengen a fheabhsú trí mhalartú faisnéise i measc na mBallstát a éascú maidir le sealbhóirí víosa fadfhanachta agus ceada cónaithe ar náisiúnaigh tríú tír iad.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Ginearálta

21. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta agus é mar aidhm acu comhaontú a thabhairt i gcrích ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas mar sin ar an dara léamh. Le téacs an tSeasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh i ndáil leis an Rialachán lena leasaítear VIS, léirítear go hiomlán an comhréiteach ar thángthas air idir an dá chomhreachtóir, le cúnamh ón gCoimisiún.

## B. Na príomh-shaincheisteanna

### Comhdhlúthú na rialacha a bhaineann le VIS

22. Faoin Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, aisghairtear Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) agus Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle maidir le rochtain ar VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí.

23. Ar an gcaoi sin, comhdhlúthaítear na rialacha go léir maidir le bunú agus úsáid VIS.

### Raon feidhme VIS

24. Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tacaítear leis an togra ón gCoimisiún maidir le víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe, de bhreis ar víosaí gearrfhanachta, lena gceadaítear saorghluaiseacht laistigh de limistéar Schengen, cé go rialaítear iad faoi rialacha náisiúnta den chuid is mó, a áireamh in VIS athbhreithnithe.

25. Leis an leathnú sin ar raon feidhme VIS, cuirfear ar chumas údaráis na mBallstát seachas an t-údarás eisiúna an doiciméad sin agus a shealbhóir a sheiceáil ag na teorainneacha nó laistigh de chríoch na mBallstát. Dá réir sin, dúnfar bearna faisnéise thábhachtach maidir le teorainneacha agus slándáil agus cuirfear ar chumas an chórais freagairt níos fearr ar fhorbairtí slándála agus ar dhúshláin imirce, agus bainistiú theorainneacha seachtracha an Aontais á bharrfheabhsú.

### Seiceálacha cúlra

26. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, cuirtear leis an smaoineamh atá sa togra ón gCoimisiún go gcuirfí ar chumas na n-údarás víosaí seiceálacha uathoibrithe a dhéanamh i mbunachair sonraí eile agus úsáid á baint as an gcreat idir-inoibritheachta. Ach cuirtear tuilleadh leis, áfach, agus rialacha agus nósanna imeachta á ndifreáil le haghaidh bunachair sonraí íogaire agus neamhíogaire a chuardach.

27. Faoi na rialacha reatha, níl oibleagáid ar chonsalachtaí taistealaithe faoi oibleagáid víosa a sheiceáil ach amháin i gCóras Faisnéise Schengen (SIS) chun a dhéanamh amach an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratasóir ar víosa gearrfhanachta faoi réir toirmeasc ar theacht isteach. Faoin Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, déanfar gach iarratas atá ar taifead in VIS - bídís ar víosaí gearrfhanachta nó ar víosaí fadfhanachta nó ar cheadanna cónaithe - a sheiceáil go huathoibríoch le hais gach córais faisnéise eile de chuid an Aontais don tslándáil agus don imirce. Leis an gcros-seiceáil éigeantach sin, aimseofar iarratasóirí a úsáideann iliomad céannachtaí agus sainaithneofar aon duine a mbaineann rioscaí leo ó thaobh slándála nó neamhchomhlíonadh na rialacha imirce, de réir mar is infheidhme.

28. Sa bhreis ar bhunachair sonraí a bhaineann le teorainneacha agus SIS, áirítear ECRIS-TCN agus bunachar sonraí Interpol, TDAWN, (ar choinníoll nach nochtar aon fhaisnéis d'úinéir fholáireamh Interpol) sna bunachair sonraí a chuardaítear i VIS, agus áirítear iontu freisin cuardaigh i SIS ar fholáirimh SIS maidir le filleadh, nár áiríodh ar an gcéad dul síos i seasamh Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, ach lenar ghlac an Pharlaimint ar deireadh. I gcás ECRIS-TCN, déantar, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, na cuardaigh a theorannú do chiontuithe i gcoireanna tromchúiseacha agus sa sceimhlitheoireacht. Áirítear leis freisin teorainn ama i leith na gciontuithe a chuirfear san áireamh: ciontuithe sna 25 bliana roimhe sin i gcás cionta sceimhlitheoireachta, agus 15 bliana i gcás ciontuithe i gcoireanna tromchúiseacha. Is é an smaoineamh atá taobh thiar de na teorainneacha ama (a d'iarr Parlaimint na hEorpa mar chomhréiteach maidir le glacadh le cuardach ar ECRIS-TCN) go mbeidh 'conair ama' chomhionann ann d'amas VIS i ndáil le ciontuithe sna taifid choiriúla náisiúnta nach bhfuil a bhfad comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais.

29. Maidir leis na húdaráis a mbeidh sé de chúram orthu amais íogaire a fhíorú, seachas an 'pointe aonair teagmhála' a mhol Parlaimint na hEorpa ar an gcéad dul síos, tugtar isteach, leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, an coincheap 'údaráis ainmnithe VIS'. Agus an t-údarás sin á 'ainmniú' (seachas á 'bhunú'), tá rogha ag na Ballstáit i gcónaí, go pointe áirithe: féadfaidh siad níos mó ná údarás amháin a ainmniú, lena n-áirítear Biúrónna SIRENE, ar choinníoll go bhfaighidh siad acmhainní breise leordhóthanacha chun na cúraimí nua sin a chur i gcrích.

30. Áirítear sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh rialacha speisialta maidir le hamais i liosta faire ETIAS, a bhfíoróidh Aonaid Náisiúnta ETIAS iad, i bhfianaise a íogaire atá siad.

**Leasuithe iarmhartacha**

31. Mar a míníodh i bpointí 8-10 thuas, ba léir le linn na caibidlíochta go raibh forálacha áirithe in easnamh sa togra ón gCoimisiún. Chun cuardaigh uathoibríocha VIS a chur ar bun go hiomlán, níor mhór leasuithe a dhéanamh ar na gníomhartha dlí ar chórais faisnéise agus ar bhunachair sonraí an Aontais a bhaineann le cuardaigh VIS, ina mbeadh próiseáil uathoibrithe sonraí pearsanta i gceist. Bhí sé riachtanach freisin an tírdhreach reachtach nua don idir-inoibritheacht, a tháinig chun cinn ó cuireadh síos togra VIS i mí na Bealtaine 2018, a chur san áireamh. Bhí leasuithe iarmhartacha comhchosúla molta ag an gCoimisiún le haghaidh ETIAS[9].

32. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, dúntar an bhearna sin agus áirítear leasuithe teicniúla ar an dá shraith seo a leanas de ghníomhartha dlí:

   a) Rialacháin 'teorainneacha Schengen': VIS[10], EES[11], ETIAS[12], SIS maidir le Filleadh'[13], Teorainneacha SIS[14] agus Teorainneacha Idir-Inoibritheachta[15], agus

---

[9] Féach COM(2019) 3 final agus COM(2019) 4, final.

[10] Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (Rialachán VIS) IO L 218, 13.8.2008, lgh. 60-81.

[11] Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnaigh tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008 agus (AE) Uimh. 1077/2011, IO L 327, 9.12.2017, lgh. 20–82.

[12] Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 IO L 236, 19.9.2018, lgh. 1–71).

[13] Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 1–13.

[14] Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 IO L 312, 7.12.2018, lgh. 14–55.

[15] Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse teorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 27–84.

b) 'téacsanna póilíneachta Schengen agus téacsanna póilíneachta nach dtagann faoi chóras Schengen': Eurodac[16], Rialachán Europol[17], Póilíneacht SIS[18], ECRIS-TCN[19]agus Póilíneacht Idir-inoibritheachta[20].

Mar gheall ar an ngeoiméadracht athraitheach i rannpháirtíocht na mBallstát i mbeartais an Aontais sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, áirítear an dara sraith de leasuithe iarmhartacha in ionstraim dlí ar leith, ionstraim a d'oibreodh gan uaim in éineacht le Rialachán VIS chun oibriú agus úsáid chuimsitheach an chórais a chumasú.

**Bithmhéadracht**

33. Maidir le saincheist na bithmhéadrachta, is é an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an toradh atá ar dhianchaibidlíocht le Parlaimint na hEorpa. Leis an gcomhréiteach ar thángthas air, coimeádtar eilimintí bunriachtanacha an togra ón gCoimisiún, agus cuirtear isteach coimircí áirithe a mhol Parlaimint na hEorpa:

---

16 Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le bunú 'Eurodac' chun méarloirg a chur i gcomparáid ar mhaithe le cur i bhfeidhm éifeachtach Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus ó Europol ar chomparáidí le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach le haghaidh bainistiú oibríochtúil córas TF ar mhórscála sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais IO L 180, 29.6.2013, lgh. 1–30.

17 Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a chuirtear in ionad na gCinntí sin IO L 135, 24.5.2016, lgh. 53–114.

18 Rialachán (AE) 2018/1862 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (SIS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse an chomhair póilíneachta agus breithiúnais i ngnóthaí coiriúla, lena leasaítear Cinneadh 2007/533/JHA ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1986/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinneadh 2010/261/AE ón gCoimisiún IO L 312, 7.12.2018, lgh. 56–106.

19 Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla (ECRIS-TCN) a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 IO L 135, 22.5.2019. lgh. 1–26.

20 Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais i réimse an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 IO L 135, 22.5.2019, lgh. 85–135.

– íslítear an aois íosta méarlorgaireachta sa nós imeachta víosa do víosaí gearrfhanachta ó 12 bliana go sé bliana; ar an gcaoi chéanna, ní féidir méarloirg leanaí faoi bhun sé bliana a stóráil in VIS le haghaidh víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe; tá bailiú méarlorg ó leanaí faoi réir coimircí níos déine agus teorannú ar na críocha ar chucu a bhféadfar sonraí den sórt sin a úsáid i gcásanna chun leas an linbh, go háirithe trí thréimhse stórála na sonraí a theorannú;

– tá 75 bliana socraithe mar an uasteorainn aoise do mhéarlorgaireacht a dhéanamh le haghaidh víosaí gearrfhanachta, i bhfianaise cháilíocht na méarlorg a bheith ag dul in olcas i measc daoine scothaosta;

– beidh an íomhá den aghaidh a thógtar beo ina riail bhunúsach sa nós imeachta maidir le víosaí (lena n-áirítear i gcás leanaí atá faoi bhun 6 bliana d'aois, chun cur le comhrac na gáinneála ar leanaí). Ina theannta sin, féadfaidh na Ballstáit grianghraf páipéir a iarraidh le haghaidh gach iarratais. Ní chuirfear scanadh an ghrianghraif pháipéir in VIS ach amháin i gcásanna eisceachtúla nuair nach bhfuil gá le híomhá den aghaidh a thógtar beo (Ceannairí Stáit nó Rialtais, teaghlaigh ríoga etc.), ach ní úsáidfear é le haghaidh meaitseáil bhithmhéadrach. Tabharfaidh foláireamh sa chóras le fios má tógadh an íomhá den aghaidh beo nuair a chuirfear isteach an t-iarratas; i gcásanna eisceachtúla bainfear an íomhá den aghaidh ó shlis an Doiciméid leictreonaigh Taistil Meaisín-Inléite (eMRTD);

– déanfar bithmhéadracht a chóipeáil i gcomhair iarratais ar víosaí a taisceadh laistigh de 59 mí ón iarratas ar víosa a rinneadh roimhe sin, faoi mar atá faoi láthair;

– is féidir bithmhéadracht leanaí a sheiceáil laistigh de chríoch na mBallstát;

– ceadófar rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar shonraí bithmhéadracha leanaí ó 14 bliana d'aois, seachas 18 mbliana d'aois mar a mhol Parlaimint na hEorpa ar dtús. Beifear in ann rochtain a fháil ar shonraí leanaí atá faoi bhun na haoise seo i gcónaí chun iad a chosaint nuair is íospartaigh iad;

– déanfar bithmhéadracht leanaí faoi bhun 12 bliana d'aois a scriosadh ar imeacht as limistéar Schengen dóibh agus nuair a rachaidh an víosa in éag (cuireadh fógra uathoibríoch isteach ó EES in VIS le go bhféadfaí na sonraí a scriosadh);

– beidh rochtain ag na húdaráis tearmainn ar mhéarloirg leanaí gan doiciméid aitheantais.

34. Sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, pléitear freisin le cearta rochtana údarás teorann agus údarás inniúil seiceálacha a dhéanamh laistigh den chríoch, rochtain ag údaráis tearmainn ar shonraí VIS do víosaí gearrfhanachta agus fadfhanachta agus do cheadanna cónaithe araon, agus do na hairteagail maidir le sainaithint. A mhéid a bhaineann le cuardach le híomhá den aghaidh, is é an prionsabal ginearálta go ndéantar an cineál sin cuardaigh a rialú ar an gcaoi chéanna i gcás víosaí gearrfhanachta agus víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe. Ghlac an seasamh ón gComhairle freisin le prionsabal an chuardaigh le híomhá den aghaidh chun sainaithint a dhéanamh (mar chuardach foghabhálach seachas mar chritéar cuardaigh amháin), chomh maith leis an íomhá den aghaidh a úsáid i gcomhthéacs an tearmainn (faoi na coinníollacha céanna).

35. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, cuirtear teorainn le cearta rochtana ar VIS go dtí an méid a bhfuil géarghá leis. Mar shampla, tá teorainn le rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar shonraí faoi leanaí agus rochtain ar shonraí maidir le sealbhóirí ceadanna cónaithe atá ar taifead in VIS ar feadh tréimhse 10 mbliana nó níos mó gan bhriseadh.

**Táscairí sonracha riosca**

36. De bhreis ar chuardaigh uathoibrithe a dhéanamh ar bhunachair shonraí eile, bainfidh próiseáil víosaí tairbhe as táscairí sonracha riosca. Tagann an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh le tuairim Pharlaimint na hEorpa gur cheart na táscairí sin - a léiríonn rioscaí slándála, rioscaí inimirce neamhdhleathacha nó ardrioscaí eipidéime - a chur i bhfeidhm mar algartam lenar féidir próifíliú a dhéanamh.

37. Cuimseofar rialacha anailísíochta sonraí sna táscairí mar aon le luachanna sonracha arna soláthar ag na Ballstáit agus staitisticí arna nginiúint ó bhunachair shonraí ábhartha eile um bainistíocht teorann agus slándáil. Is é an toradh a bheadh air sin go gcuirfí feabhas ar mheasúnuithe riosca agus go mbeifí in ann an modh anailísíochta sonraí a chur i bhfeidhm. Ní chuimseofaí aon sonraí pearsanta sna táscairí riosca agus bhunófaí iad ar staitisticí agus ar fhaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit maidir le bagairtí, le rátaí mínormálta diúltaithe nó rófhanachta i measc catagóirí áirithe náisiúnach tríú tír, agus le rioscaí don tsláinte phoiblí.

38. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, aistrítear na forálacha maidir leis na táscairí sonracha riosca ón gCód Víosaí go dtí an Rialachán VIS agus moltar struchtúr rialachais atá go hiomlán i gcomhréir leis an struchtúr le haghaidh rialacha ETIAS maidir le scagadh.

**Rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar shonraí VIS**

39. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, aisghairtear Cinneadh 2008/633/CGB ón gComhairle maidir le rochtain lucht forfheidhmithe dlí ar shonraí VIS agus rialaítear an tsaincheist sin i Rialachán VIS.

40. Cuspóir coimhdeach de chuid an Rialacháin seo is ea rochtain ar shonraí VIS a thabhairt d'údaráis náisiúnta forfheidhmithe dlí agus do Europol chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, faoi réir dianchionníollacha. De réir an tSeasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, beidh rochtain níos struchtúrtha ag údaráis ainmnithe agus ag Europol ar VIS, lena n-áirítear ar víosaí fadfhanachta agus ar cheadanna cónaithe, chun cionta sceimhlitheoireachta nó coireanna tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, faoi choinníollacha sonracha agus i gcomhréir le rialacha cosanta sonraí an Aontais agus coimircí eile in VIS.

41. I gcomhréir leis an nglúin nua de chórais faisnéise an Aontais, ní áirítear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh cuardach roimh ré sa chóras uathoibrithe um shainaithint méarlorg faoi Chinneadh 2008/615/CGB (Cinneadh Prüm) mar choinníoll chun rochtain a fháil ar VIS, rud a bhí mar chuid den seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.

**Rannchuidiú le beartas an Aontais um fhilleadh**

42. De réir an tSeasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh, rannchuideoidh VIS le héifeachtúlacht bheartas an Aontais um filleadh a mhéadú: áireofar cóipeanna de dhoiciméad taistil an iarratasóra in VIS, beart a éascóidh sainaithint agus athligean isteach daoine faoi réir nós imeachta um fhilleadh nach bhfuil doiciméid taistil ina seilbh acu. Thairis sin, beidh rochtain ag Frontex, agus go háirithe ag foirne Frontex um fhilleadh, ar VIS.

**Iompróirí**

43. Faoin Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, beidh rochtain (teoranta) ag iompróirí ar shonraí VIS (freagra 'CGL/NÍL SÉ CGL') tríd an ngeata iompróra, mar atá cheana i gcás ETIAS agus EES.

**Sonraí VIS a chur in iúl do thríú tíortha nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta**

44. Faoin Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, ní féidir sonraí VIS a aistriú chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta ná a chur ar fáil dóibh, ach is féidir maoluithe a dhéanamh, faoi choinníollacha an-dochta, chun críche fillte, athlonnaithe nó forfheidhmithe dlí.

**Cearta bunúsacha**

45. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leathnaítear an tAirteagal maidir leis na prionsabail ghinearálta chun cosaint na gceart bunúsach a neartú nuair a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil laistigh de VIS, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an toirmeasc ar idirdhealú in aghaidh iarratasóirí. Tugann sé leas an linbh isteach freisin mar chroíphrionsabal maidir le gach nós imeachta dá bhforáiltear sa Rialachán.

46. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tugtar forálacha cosanta sonraí VIS i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí[21]. Ionchorpraítear ann an cur chuige 'cosaint sonraí trí dhearadh'. Soláthraíonn na huasghráduithe na coimircí agus na sásraí is gá chun príobháideachas agus cearta bunúsacha taistealaithe a chosaint go héifeachtach, go háirithe maidir lena saol príobháideach agus lena sonraí pearsanta.

**Comhpháirteanna teicniúla eile de VIS a uasghrádú**

47. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, comhtháthaítear VISMail in VIS agus cuirtear lena fheidhmiúlacht. Cuireann sé de chúram ar eu-LISA freisin sonraí VIS a stóráil sa lárstóras chun críoch tuairiscithe agus staidrimh, arna bhunú faoin Rialachán maidir le hIdir-inoibritheacht, déanann sé an nós imeachta comhairliúcháin a lárú agus comhtháthaíonn sé liosta na ndoiciméad taistil aitheanta in VIS.

48. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, neartaítear na rialacha maidir le cáilíocht sonraí agus tugtar cumhacht do eu-LISA sásraí agus nósanna imeachta rialaithe cáilíochta sonraí a fhorbairt agus a chothabháil.

49. Feabhsaítear feidhmiú VIS d'fhonn a áirithiú go mbeidh VIS ar fáil gan bhriseadh.

---

[21] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí), IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1–88.

**Ollstruchtúr VIS**

50. Cé gur mhol an Coimisiún Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle lena mbunaítear VIS a leasú, léiríonn an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an cur chuige a chuir Parlaimint na hEorpa chun cinn, eadhon an Cinneadh sin a aisghairm agus a inneachar agus eilimintí áirithe de chinntí cur chun feidhme an Choimisiúin a chomhtháthú i Rialachán VIS.

51. Faoin Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tá ollstruchtúr VIS bunaithe ar chóras láraithe. Tá an tseirbhís láraithe dúbailte go dtí dhá láthair éagsúla, an príomhláthair agus ceann a óstálann Lárchóras cúltaca VIS.

52. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, uasghrádaítear ollstruchtúr VIS chun an timpeallacht nua idir-inoibritheachta a chur san áireamh. Is éard atá inti: lárchóras VIS, na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta, an tseirbhís gréasáin, an geata iompróra agus bonneagar cumarsáide VIS. Roinneann agus athúsáideann na comhpháirteanna sin, a mhéid is féidir go teicniúil, comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí Lárchóras EES, chomhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta EES, gheata iompróra ETIAS, sheirbhís gréasáin EES agus bhonneagar cumarsáide EES. Tacaíonn agus rannchuidíonn an bonneagar cumarsáide lena áirithiú go mbeidh VIS ar fáil gan bhriseadh. Is é eu-LISA atá freagrach as bainistiú teicniúil agus oibríochtúil VIS agus a chomhpháirteanna.

**Socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

53. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, tugtar isteach córas iomlán faireacháin agus tuairiscithe:

a) tíolacfaidh eu-LISA tuarascáil gach dhá bhliain ar *fheidhmiú teicniúil VIS*, lena n-áirítear a shlándáil agus meastóireacht ar úsáid íomhá den aghaidh chun daoine a shainaithint;

b) ullmhóidh na Ballstáit agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le h*éifeachtacht na rochtana ar shonraí VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí*;

c) Trí bliana tar éis thús oibriú VIS athbhreithnithe, agus gach ceithre bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún *meastóireacht fhoriomlán ar VIS*, lena n-áireofar, *inter alia*:

– scrúdú ar na torthaí a baineadh amach de réir na gcuspóirí agus na gcostas a tabhaíodh,

– measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunréasúnaíochta, agus ar a thionchar ar chearta bunúsacha, ar shlándáil VIS, ar an úsáid a baineadh as na forálacha maidir le sonraí VIS a chur in iúl do thríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta,

– anailís mhionsonraithe ar na sonraí arna soláthar sna tuarascálacha bliantúla ar éifeachtacht na rochtana ar shonraí VIS chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus

– measúnú cé acu a chuidigh nó nár chuidigh cuardach ECRIS-TCN trí VIS le tacú leis an gcuspóir a mheas an mbeadh an t-iarratasóir ar víosa, ar víosa fadfhanachta nó ar chead cónaithe ina bhagairt don bheartas poiblí nó don tslándáil phoiblí.

54. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, beartaítear cleachtadh tuairiscithe do *staid na himeartha maidir leis na hullmhúcháin do chur chun feidhme an athchóirithe ar VIS*: bliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh agus gach bliain ina dhiaidh sin go dtí tús na n-oibríochtaí, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta maidir le hullmhúcháin ina mbeidh faisnéis mhionsonraithe faoi na costais a tabhaíodh agus faisnéis faoi aon rioscaí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar chostais fhoriomlána VIS a bheidh le híoc as buiséad ginearálta an Aontais. I gcás moilleanna ar chur chun feidhme iomlán an Rialacháin, cuirfidh an Coimisiún na cúiseanna leis na moilleanna agus a dtionchar i dtéarmaí ama agus airgeadais in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a luaithe is féidir.

**Leasuithe ar ghníomhartha dlí eile**

55. Leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, leasaítear roinnt gníomhartha dlí chun iad a oiriúnú d'athchóiriú VIS: an Cód Víosaí[22], Cód Teorainneacha Schengen[23], an córas Dul isteach/Imeachta[24], ETIAS[25], SIS maidir le filleadh[26], teorainneacha SIS[27], idir-inoibritheacht teorainneacha agus víosaí[28] agus Rialachán EBCG[29].

---

22 Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí), IO L 243, 15.9.2009, lgh. 1–58.

23 Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen), IO L 77, 23.3.2016, lgh. 1–52.

24 Rialachán (AE) 2017/2226 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnaigh tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, agus lena leasaítear an Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008 agus (AE) Uimh. 1077/2011, IO L 327, 9.12.2017, lgh. 20–82.

25 Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) Uimh. 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226 IO L 236, 19.9.2018, lgh. 1–71).

26 Rialachán (AE) 2018/1860 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le húsáid Córas Faisnéise Schengen chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, IO L 312, 7.12.2018, lgh. 1–13.

27 Rialachán (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Samhain 2018 maidir le Córas Faisnéise Schengen (CFS) a bhunú, a oibriú agus a úsáid i réimse na seiceálacha teorann, lena leasaítear an Coinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 IO L 312, 7.12.2018, lgh. 14–55.

28 Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse teorainneacha agus víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, IO L 135, 22.5.2019, lgh. 27–84.

29 Rialachán (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2019 maidir leis an nGarda Teorann agus Cósta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1052/2013 agus (AE) 2016/1624, IO L 295, 14.11.2019, lgh. 1–131.

**Spriocdháta cur chun feidhme**

56. Léirítear leis an Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh ceann croí-eilimintí an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh, i.e. spriocdháta chun VIS athbhreithnithe a chur chun feidhme. Cé gur chuir léirigh leasú Pharlaimint na hEorpa gur cuireadh tús le feidhmiú VIS dhá bhliain tar éis dó teacht i bhfeidhm, luaitear sa Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh go nglacfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2023, cinneadh lena socrófar an dáta a gcuirfear tús le hoibríochtaí VIS. Tá an spriocdháta seo ag teacht leis an amlíne pholaitiúil deiridh (deireadh 2023) maidir le cur chun feidhme na gcóras bainistithe teorann agus na hailtireachta idir-inoibritheachta, ar comhpháirt é VIS di.

## IV. <u>CONCLÚID</u>

57. Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta a rinne Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún. Creideann an Chomhairle gurb ionann an seasamh uaithi ar an gcéad léamh agus pacáiste cothrom agus, a luaithe a ghlacfar é, feabhsófar bainistiú teorainneacha agus feabhsófar slándáil inmheánach Limistéar Schengen leis an Rialachán lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (CE) Uimh. 810/2009, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1860, (AE) 2018/1861, (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/1896 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle, chun críoch an Córas Faisnéise Víosaí a athchóiriú.

58. Daingnítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste LIBE chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 1 Feabhra 2021. Cuireann Cathaoirleach Choiste LIBE in iúl sa litir sin go molfaidh sé do chomhaltaí a Coiste, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh, gan leasuithe ar dhara léamh na Parlaiminte, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.